# KILGARVAN CENTRAL SCHOOL

# Plean don Ghaeilge

Meitheamh 2024

Roll No: 19458F

# Plean Scoile don Ghaeilge
# 'Ar Aghaidh le Chéile'


**Scoil Náisiúnta, Chill Gharbháin**

## Réamhráiteas

(a) Cuireadh an plean le chéile ar an 24ú Mí na Samhna 2023.
Bhí gach múinteoir i láthair ó rang naíonáin shóisearacha go dtí rang 6.
Tá an plean bunaithe ar shaineolas na múinteoirí, ar laethanta inséirbhíse agus ar laethanta pleanála.

(b) Tá gá leis an bplean seo;

- Chun cabhrú linn Curaclam na Gaeilge a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint d'ár scoil ionas go mbeidh a fhios ag gach duine cad atá ar siúl tríd na scoile
- Go mbeidh leanúnachas agus forbairt ann ó rang go rang mar áis scoile le haghaidh múinteoirí nua/ionadaithe
- Chun go mbeidh treoir chinnte againn i múineadh agus in úsáid na Gaeilge




F

## Fís

Spéis agus suim a chothú sa Ghaeilge trí na páistí a spreagadh chun í a úsáid in atmaisféar taitneamhach

- Cuirtear béim ar labhairt na Gaeilge
- Cuirtear béim ar an gcultúr Gaelach, mar shampla ceol, iománaíocht, peil Ghaelach, amhránaíocht, rince gaelach, Seachtain na Gaeilge, srl
- Dearcadh dearfach ag gach duine i bpobal na scoile i leith an Gaeilge
- Caighdéan ard teanga bainte amach ag na páistí de réir mhianach gach páiste
- Bród ag na páistí as an dteanga agus as an gcultúr Gaelach

## Aidhmeanna:

- Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir i rith an lae
- Taitneamh agus pléisiúr a bhaint as foghlaim na Gaeilge
- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú
- Cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus muinín chun an Ghaeilge a úsáid a chothú
- Cumas léitheoireachta agus scríbneoireachta an pháiste a chothú ó rang a dó ag leibhéal a oireann dó / di féin agus don chineál scoile
- Éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbneoireacht a fhorbairt ar bhealach chomhtháite.

- Feasacht teanga agus feasacht chultúrtha a chothú
- Cur le líofact, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste
- Go mbeadh Gaeilge 'bheo' sa scoil réadúil ag baint le saol an pháiste
- Nasc a chruthú idir an Ghaeilge agus teangacha eile
- Foghlaimíonn na páistí stór focal ó bhéal tábhachtach agus frásaí tábhachtacha ach deiseanna le haghaidh aithrise a bheith acu trí scéalta, amhráin, súgradh agus nósmhaireachtaí laethiúla
- Mealltar na páistí le deiseanna le haghaidh cumarsáid lánbhrí mar a mbaineann siad úsáid as leideanna comhthéacsúla agus réamheolas le haghaidh fíorchuspóra
- Díríonn na páistí ar bhrí i dtosach chun eolas intuigthe ar T2 a fhorbairt agus díríonn siad ar fhoirm níos déanaí.
- An t-eolas atá ag páistí roimh ré, an chéim ag a bhfuil siad ina gcuid forbartha agus na rudaí a bhfuil suiim iontu, is pointí tosaigh tábhachtacha iad sin nuair a bhíonn a bhfoghlaim teanga a phleanáil.
- Beidh foghaim T2 páistí a mhéádú agus a bhrostú de réir mar a mhéadaítear a dteangmháil le T2, mar shampla. Úsáid neamhfhoirmiúíl a bhaint as an nGaeilge
- Méadaítear foghlaim teanga na bpáistí ach deiseanna a bheith acu le teanga a chruthú le briathra, bhriathra a i scríbhinn i gcomhthéacsanna lán bhrí i rith an lae scoile ar fad.
- Déantar measúnú ar dhul chun cinn na bpáistí sa teanga tríd an teanga a chruthaíonn siad go neamhspleách chomh maith le measúnuithe faoi threoir an mhúinteora

## Torthaí Foghlama:

| | Teanga ó Bhéal | Léitheoireacht | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|
| **Cumarsáid** | Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird | Rannpháirtíocht | Rannpháirtíocht |
| | Inspreagadh agus rogha | Inspreagadh agus rogha | Inspreagadh agus rogha |
| | Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eil | | |
| **Tuiscint** | Struchtúr abairte agus gramadach | Gnásanna cló agus struchtúr abairte | Struchtúr abairte agus gnásanna cló |
| | Stór focal | Stór focal | Stór focal |
| | Léiriú tuisceana | Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail | Litriú agus staidéar ar fhocail |
| | | Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach | |
| **Fiosrú agus úsáid** | Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe | Cuspóir, seánra agus guth | Cuspóir, seánra agus guth |
| | Catagóiriú | Tuiscint | Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs |
| | Catagóiriú | Freagairt agus intinn an údair | Freagairt agus intinn an údair |
| | Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach | Líofacht agus féincheartú | Peannaireacht agus cur i láthair |
| | Eolas, míniú agus údar a thabhairt | | |
| | Cur síos, tuar agus machnamh | | |

- **Gnéithe:** Is an dá mhar a chéile iad gnéithe riachtanacha teanga sa chéad agus sa dara teanga.
- **Cumarsáid:** Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí Ghaeilge
- **Tuiscint:** Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint.
- **Ag fiosrú agus ag úsáid:** Teanga a fhiosrú agus a úsáid.

## Ábhar an Phlean:

### 1. Curaclam na Gaeilge
### Cur Chuige Cumarsáideach:

Cuirtear béim ar an gcumarsáid sa scoil seo. Tuigimid sa scoil seo go bhfuil trí thréimhse i ngach ceacht Gaeilge:

- ✓ An Tréimhse Réamhchumarsáide
- ✓ An Tréimhse Cumarsáide
- ✓ An Tréimhse Iarchumarsáide

Bainimid úsáid as cluichí teanga, comhrá beirte, drámaíocht agus úsáid na Gaeilge ar bonn neamhfhoirimiúil timpeall na scoile chun feabhas a chur ar labhairt na Gaeilge.

### Feidhmeanna Teanga
Is é is ciall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, mar shampla cuireadh a thabhairt, rud a iarraidh, cead a lorg, mian a chur in iúl, srl. Is iad na feidhmeanna teanga croí-lár an churaclam Ghaeilge, agus beidh siad le comhlíonadh i ngach gné den chumarsáid, pé acu ag éisteacht, ag labhairt, ag léamh nó ag scríobh atá an páiste. (Curaclam na Bunscoile – Teanga lth 18)
Is iad na catagóir d'fheidhmeanna ná;

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Dul i gcionn ar dhuine
- Struchtúr a chur ar chomhrá
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá

Tá an-bhéim ar na feidhmeanna teanga sa scoil seo. Beidh liosta de na feidhmeanna teanga ar fáil i ngach seomra ranga.

### Snáitheanna an Churaclam
Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclam Ghaeilge eagraithe faoi cheithre shnáithe;

- Teanga ó bhéal
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht

### Teanga ó Bhéal:

#### Éisteacht:
- Go neamhfhoirmiúil i rith an lae
- go foirmiúil i rith cheachta (m sh. rainn, éist agus tarraing, dánta, srl)

#### Labhairt:
- go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae go foirmiúil sa cheacht (m sh. cluichí teanga, scéalaíocht, ról-ghlacadh, srl)
- páistí ag labharit ar a ndícheall faoi na topaicí agus na téamaí éagsúla, cluichí teanga, scéalaíocht, athinsint scéalta, ról-ghlacadh srl.

### Léitheoireacht:

- Ullmhúcháin don léitheoireacht (m sh. rainn, pictiúrleabhair, prionta Gaeilge sa timpeallacht - ar na ballaí, lipéid ar rudaí áirithe, fógraí do na páistí, ullmhúcháin don léitheoireacht: naíonáin bheaga
- Rang 2: Tús na léitheoireachta foirmiúil
- Nuair a bhíonn bonn maith faoi chumas tuisceana agus cainte an pháiste.
- De ghnáth ní thosófar roimh rang 2 (Curaclam na Bunscoile – Teanga lth 10).
- Scileanna léitheoireachta a fhorbairt: téacsanna agus tascanna léitheoireacht scéalta sna leabhair atá in úsáid, dánta, amhráin, cur abairtí in ord, léigh agus tarraing pictiúr, srl.

### Scríbhneoireacht:

- Tús na scríbhneoireachta – nuair a bheidh bunús maith faoi thuiscint agus faoi labhairt na teanga.
- De ghnáth cuirfear tús leis an scríbhneoireacht i rang 2 (Curaclam na Bunscoile – lth 10)
- Tascanna scríbhneoireachta: ailt, scéalta, litir, cárta poist, srl. Mar thoradh, beidh eolas ag gach múinteoir sa scoil seo ar na cuspóirí a ghabhann lena rang-ghrúpa féin

(féach Curaclam na Gaeilge).

### Comhtháthú na Snáitheanna

- Tarlaíonn sé go nádúrtha go bhfuil na snáitheanna fite fuaite lena chéile.
- Tá béim ar labhairt go háirithe.
- Cuirimid béim ar labhairt agus éisteacht sula ndéanaimid léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

## Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte

### Téamaí

- Is comhthéacs iad na téamaí seo chun na feidhmeanna teanga a mhúineadh.
- Beidh an t-ábhar teagaisc bunaithe ar na teamaí ionas go mbeadh nasc idir an fhoghlaim agus saol laethiúil an pháiste.
- Ní miste don mhúinteoir topaicí a roghnú as na téamaí agus iad a leathnú amach chun ábhar atá spéisiúl don pháiste a úsáid;

Mé Féin / Sa Bhaile / Ar Scoil / Bia / Siopadóireacht / Caitheamh Aimsire / Éadaí / An Aimsir / Ócáidí Speisialta / An Teilifís

### Straitéisí

Bainfear úsáid as na straitéisí seo a leanas chun seans a thabhairt do na páistí an teanga a chleachtadh;

- Cluichí teanga
- Tascanna agus fadhbanna
- Druileanna
- Drámaíocht
- Físeáin
- Téipeanna agus Dlúthdhioscaí srl Seanfhocail
- Filíocht: rainn, dánta, amhráin, rabhlóga, tomhais, srl.
- Agallaimh (Cómhrá beirte)
- Scéalaíocht

### Modhanna Múinte

Múinfear an teanga tríd úsáid a bhaint as na modhanna múinte;

- An Modh Díreach – m sh. 'Seo ríomhaire'
- Modh na Sraithe – m.sh. 'D'éirigh mé ar maidin. Ghlan mé m'fhiacla. D'ith mé mo bhricfeasta'
- Modh na lánfhreagartha Gníomhaí - m.sh . 'Éist agus déan': cuir suas do lámh, bí ag rith, srl
- Modh closlabhartha – m.sh. éisteacht le téipeanna, dlúthdhioscaí, cluiche biongó, éist agus tarraing, srl
- Modh closamharc – m.sh. deilbhíní, fiseáin, pictiúir
- Modh na Ráite – m.sh. 'Is mise Tomás…..abair é (agus agallaimh ar siúl)/ Is maith liom úll….abair é'

### Gaeilge Neamhfhoirmiúil – úsáid na Gaeilge i rith an lae;

- Déanfar iarracht an Ghaeilge a úsáid go feidhmiúil i rith an lae taobh amuigh den cheacht Ghaeilge:
  - sa seomra ranga
  - sa chlós
  - sa halla, srl.
- Moltar an Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir
  - i dtaispeantaisí
  - fógraí
  - postaeir, srl.
  - laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.
- Is féidir an Ghaeilge a úsáid ag amanna áirithe i rith an lae:
  - Ar maidin
  - am rolla
  - am sosa
  - am lóin
  - am baile
  - teachtaireachtaí
- Na h-imeachtaí a bhaineann le cultúr na Gaeilge sa scoil agus i dtimpeallacht na scoile;
  - Frása na Seachtaine.
  - Fógraí agus lipéidí sa timpeallacht.
  - Seachtain na Gaeilge.
  - An Lá Glas
  - Tráth na gCeist
  - Rang Chorp Oideachais
  - Teanga na Bainistíochta sa rang

## 1. Pleanáil Eagraíochta

### Pleanáil an Mhúinteora;

Déanann na múinteoirí an pleanáil seo a leanas;

- Pleanáil fad-téarmach:  Scéim Bliana/ scéimeanna téarma
- Pleanáil ghearr-théarmach:  Scéim Coicíse.
- Tá Cúntaisí Míosúla ag dul leis an scéim seo

## Áiseanna;

Bainimid úsáid as téacsleabhair éagsúla ó Naíonáin suas go dtí Rang 6. Chomh maith le sin tá réimse leathan áiseanna eile againn. Tá liosta de na háiseanna go léir atá in úsáid sa scoil seo mar aguisín sa phlean.

## Éagsúlacht chumais;

Sa scoil seo déanfar iarracht freastal ar éagsúlacht chumais na bpáistí trí úsáid a bhaint as;

- Modhanna múinte éagsúla
- Straitéisí éagsúla
- Obair ar leith atá dírithe ar ábaltacht

Glacann gach páiste sa scoil páirt sa cheacht Ghaeilge ach amháin iad siúd go bhfuil díolúíne acu de réir Cioraclán 53/2022. I gcásanna áirithe, téann an dalta chuig an múinteoir acmhainne nuair atá an Ghaeilge ar siúl sa seomra.

## Comhtháthú le hÁbhair eile

Moltar an Ghaeilge a úsáid i múineadh ábhair eile an churaclam chomh minic agus is féidir m.sh;

- Corpoideachas – cluichí, damhsa, srl
- Ceol – amhráin Ghaeilge, feadóg
- Matamaitic- uimhreas, áireamh, an t-am
- Amarcealaíona – péint, dathanna, Drámaíocht trí Ghaeilge chomh maith le nascananna idir an Ghaeilge agus teangacha eile.

Is féidir na snáitheanna éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a chomhtháthú lena chéile de ghnáth sa cheacht Ghaeilge. Tá smaointe agus eiseamláirí tugtha ag bun gach snáithe sa Churaclam Bunscoile faoi seo.

## Measúnú

Seo iad na huirlisí atá in úsáid againn;

- Dírbhreathnú an mhúinteora.
- Treoracha a leanúint
- Liosta de na feidhmeanna teanga.
- Treoracha a leanúint sa tasc
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir.
- Gníomhaíochtaí a dhéanamh
- Bailiúchán d’obair an pháiste.
- Páirt a ghlacadh sa chluiche
- Ábhair éagsúla m.sh. Nollaig, bia, éadaí, srl a aithint agus a ainmniú
- Scrúdaithe
- Téitear siar na haonaid ag deireadh gach téarma / gach cúpla aonad.
- Moltar dos na páistí féinmheasúnú a dhéanamh ar a gcuid oibre.
- Meastar tuiscint le hordóg suas, ordóg síos.

## Obair Bhaile

- Béim ar obair bhaile simplí;
- Tugtar obair le foghlaim nó le scríobh
- Bíonn an obair bhaile bunaithe ar an méid atá ar siúl sa rang

Naíonáin: Ní fhaigheann na naíonáin obair bhaile go foirmiúil
Rang 1 agus 2: Léitheoireacht.
Rang 3 agus 4: Léitheoireacht & Litriú gach oíche agus ceachtanna bunaithe ar obair an ranga
Rang 5 agus 6: Litriú, léitheoireacht/foghlaim agus ceacht scríofa / aiste uair sa tseachtain.

## Foirbairt Fóirne:

- Tá ardchumas ag múinteoirí na scoile seo agus tugann said tacaíocht dá gcomhleacaithe i múineadh na teanga.
- Spreagann an Príomhoide an fhoireann Gaeilge a labhairt chomh minic agus is féidir i rith an lae.
- Tá go leor deiseanna ag an bhfoireann forbairt ghairmiúil a dhéanamh i rith na bliana agus i rith laethanta saoire an tsamhraidh. Fógraítear cúrsaí sna hionaid oideachais ar chlár fógraí na seomra foirne.
- Eagraítear cuiditheoir sa scoil ar lá pleanála chun cabhair agus smaointe a thabhairt do na múinteoirí.

## Tuismitheoirí agus an Ghaeilge

- Bíonn na tuismitheoirí páirteach san obair bhaile
- Bíonn cumarsáid rialta idir an múinteoir agus an tuismitheoir (Cruinniú Tuismitheoirí/Múinteoirí)
- Is féidir liosta d'abairtí agus focail shimplí a thabhairt do na tuismitheoirí i rith Sheachtain na Ghaeilge chun gur féidir leo iad a chleachtadh lena bpáistí féin
- Cuirtear áiseanna ar fáil ar line chun tacú le tuiscint na dtuismitheoirí.

## Comhionannas

Tugtar deis do gach páiste sa scoil seo an Ghaeilge a fhoghlaim.

Cad é an tslat tomhais atá an an scoil seo chun an plean a mheas?
Tá a fhios againn gur comhlíonadh aidhmeanna an phlean nuair a bhíonn:

- Aiseolas dearfach ón bhfoireann / ó dhaltaí / ó thuismitheoirí
- Aiseolas dearfach ó scoileanna dara leibhéal
- Páistí ag labharit Gaeilge lasmuigh den rang Gaeilge agus ag baint taitneamh as
- Tuairiscí dearfacha ón gcigire
- Fianaise dearfach ó fhéin – mheastóireacht scoile.

## Cur i bhfeidhm

### Rólanna agus freagrachtaí;

- Tá gach múinteoir freagrach as an bplean scoile a chur i bhfeidhm
- Tá an múinteoir leis an bpost freagrachta i bhfeidhil ar an bplean
- Déanann an Príomhoide forbhreathnú ar an gcur i bhfeidhm ar fud na scoile.

**Spriocdáta leis an bplean a chur i bhfeidhm:** Meitheamh 2024

### Athbhreithniú: Rólanna agus freagrachtaí;

- Tá gach múinteoir freagrach as a rang féin

**Spriocdháta don athbhreithniú:** Meitheamh 2027

Daingniú

Daingníodh an plean seo ag cruinniú an Bhoird Bainisitíochta ag a gcruinniú Meitheamh 2024

Síniú an Chathaoirligh___________________________________________

Dáta_______________________________________________________________

### Daingniú agus Cumarsáid

Beidh cóip den phlean scoile ag gach múinteoir agus ceann san Oifig. Tá deis ag gach múinteoir an plean a athrú, más maith leo.

# Agúisin I

## Áiseanna:

### Naíonáin:

Caint is Comhrá Clár Idirghníomhach Gaeilge Naíonáin Bheaga & Mhóra / Clár Bán / leabhar oibre an mhúinteora / leabhar an pháiste / leabhair leabharlainne / puipéad / cláir bhána / ábhar ealaíona / ábhar cheoil / ábhar chorp oideachais / Séideán Sí leabhair bheaga / póstaeir / splanc chártaí / bileoga oibre / cluichí boird (biongó) / Seinnteoir CD / Leabhair mhóra (Séideán Sí).

### Rang 1 & 2:

Caint is Comhrá 1&2 Clár Idirghníomhach Gaeilge 2 / Clár Bán / leabhar oibre an mhúinteora / leabhar an pháiste / dréimire abairtí / dísle / cluiche chláir / leabhair leabharlainne / puipéad / cláir bhána / ábhar ealaíona / ábhar cheoil / ábhar chorp oideachais / Séideán Sí leabhair bheaga / póstaeir / splanc chártaí / bileoga oibre / cluichí boird (biongó) / Seinnteoir CD / leabhair eile m.s. Maith Thú, Bun go Barr, Treo Nua, srl / leabhar rannta / leabhair mhóra (Séideán Sí) / leabhair bheaga (x60) ó Ghaelscoil Mhichíl Ciosóg, Inis.

### Rang 3&4:

Caint is Comhrá 3&4 Clár Idirghníomhach Gaeilge / Clár Bán / leabhar oibre an mhúinteora / leabhar an pháiste / cóip leabhair / leabharlainne / Litriú / cláir bhána / ábhar ealaíona / ábhar cheoil / ábhar chorp oideachais / Séideán Sí leabhair bheaga (más gá) / póstaeir / splanc chártaí / bileoga oibre / cluichí boird (biongó) / Seinnteoir CD / leabhair bhreise: Treo Nua 3&4, Abair Liom & Bun go Barr, Fuaimeanna & Focail

### Rang 5&6

Caint is Comhrá 5&6 Clár Idirghníomhach Gaeilge / Clár Bán / leabhar oibre an mhúinteora / leabhar an pháiste / cóip leabhair / leabharlainne / Litriú / cóipleabhar cruaidh (aiste) / cóipleabhar cruaidh (foclóir nua) / bileoga eolais (na séasúir) / dánta breise / ábhar ealaíona / ábhar cheoil / ábhar chorp oideachais / Séideán Sí leabhair bheaga (más gá) / póstaeir / splanc chártaí / bileoga oibre / cluichí boird (biongó) / Seinnteoir CD / Leabhair Bhreise: Gaeilge Bheo, Gníomhaíochtaí Gasta, Gaeilge Ag Obair / Cluichí: Biongó: éadaí & bia, cluichí ó bhéal.

# Agúisín II
# Amhráin & Rannta Breise

| Naonáin | |
|---|---|
| **Amhráin** | **Rannta** |
| • Buail do bhosa | • Lámha suas |
| • Ceithre rón | • Oíche Shamhna |
| • An leanbh nua | • Mise an ghaoth |
| • Tá sé in am bricfeasta anois | • Cuirfidh mé orm mo chóta |
| • Nigh na héadaí | • Siopa milseáin |
| • Seáinín ar a rothar | • Lá le Pádraig |
| • Mainséar beag | • Aon dó muc is bó |
| • Calóga sneachta ag titim | • Ar mhaith leat ubh? |
| • Teidí tinn | • Tá sneachta ag titim |
| • Rothaí an bhus | • Neilí |
| • Sicín beag | • Tá liathróid ag Learaí |
| • Deir an bhó | • Tá mé ag du lar scoil |
| • Táimse ‘mo shuí ar an gcathaoir | • Fuair mé sliogáin |

| Rang 1&2 | |
|---|---|
| **Amhráin** | **Rannta** |
| • Lámh, lámh eile | An dochtúir Istigh sa zú |
| • An zú | Ar scoil ar an Luan Daidí na Nollag |
| • An Fómhair | |
| • An ghráinneog | Ag déanamh brioscaí Gach lá |
| • An t-arracht éadaigh | |
| • Mo theach | Ceann, srón béal, smig An maor scoile |
| • San Nioclás | |
| • Luascadar luascadar luch | Ceapaire |
| • Cairde | |
| • Ar scoil | Im, bim, babaró |
| • Bréagáin dheasa | |
| • An teach sa choill | Lá breithe sona duit |
| • A haon, a dó, a trí | |

| Rang 3&4 | |
|---|---|
| **Dán** | **File** |
| | |
| Táim tinn | Máire Chaomhánach |
| An Muc | Gabriel Rosenstock |
| Seán agus Máire | Éamonn Ó Ríordain |
| An Feighlí Leanaí | Éamonn Ó Riordain |
| An Picnic | Máire Chaomhánach |
| Iarnáil (Scéal Dóite) | Treasa Ní hAilpín |
| Caillte | Con Ó Tuama |
| Ag Aistriú Scoile | Máire Chaomhánach |
| Teilifís | Máire Chaomhánach |
| An Leabhar ar strae | Con Ó Tuama |
| Na Séasúir | Máire Chaomhánach |
| Saor ón Scoil | Con Ó Tuama |

**Rang 3&4 Amhráin Bhreise;**

An Maidrín Rua / An Poc ar Buile / An bhfaca tú mo Shéamaisín / An Mhuc / Amhrán na bhFiann

**Dánta agus Amhráin Bhreise**
**Rang 5&6**

Dánta: Ag Fás / na Míonna / Tithe / An Cheacht a d'fhoghlaim beirt / Mo Shuipéir / Clársholas an Bhaile / Bó sa Chlós / An Teilifís / Mo Ríomhaire / Na Séasúir / An Geimhreadh / Tír na nÓg

Amhráin: A Nóra Bheag / Seomra Thomáis / An bhfaca tú mo Shéamaisín? / Ó is breá liom mo Theilifís / Aimsir na hÉireann / Fuair mise cuireadh